Téipscript

Topaic: **An Baile**
Fothopaic: **Tuath agus Cathair**
Cainteoir: **Aoife Ní Chonchúir**

Tá buntáistí áirithe ag baint le bheith faoin tuath agus leanaí agat. Tá ana-chuid spáis againn. Is féidir imeacht ar an trá. Is féidir linn a bheith amuigh faoin aer go minic i spásanna oscailte. Agus bíonn ana-chuid rudaí ar siúl, faoi mar a bheadh sna cathracha – ranganna rince do leanaí, agus ranganna ceoil agus rudaí mar sin. Agus an rud is deise liomsa mar gheall air chomh maith, ná an easpa tráchta agus gan a bheith faoi bhrú nuair a bhíonn tú críochnaithe ag obair agus ag imeacht ag bailiú na leanaí – nach bhfuil tú gafa i dtrácht faoi mar a bhíonn muintir na cathrach go minic. Ach tá locht mór amháin agam ar a bheith ag maireachtaint faoin tuath, agus 'sé sin nuair a bhíonn drochaimsir againn bíonn tú sáite sa tigh mar ní bhíonn ana-chuid rudaí le déanamh. Agus an áit a mhairimse ach go háirithe, bíonn drochaimsir againn ana-mhinic.

Nótaí:

Tá canúint na Mumhan ag an gcainteoir, Aoife. Seo tréithe atá le tabhairt faoi deara ina cuid cainte:

- I gcanúint na Mumhan, baintear úsáid as an réimír '-ana' i gcónaí. Samplaí 'ana-dheas'; 'ana-mhaith'; 'ana-chrosta' etc.
- Tabhair faoi deara an fuaimniú atá ar an bhfocal 'trá' – 'tráigh'.
- Baintear úsáid as an mbriathar 'maireachtaint' i gcomhair 'cónaí'. Sampla: 'tá mé ag maireachtaint i mBaile Átha Cliath'; 'Cá bhfuil tú ag maireachtaint?'